

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

C 89



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

10 Márta 2023

Clár

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

AN BANC CEANNAIS EORPACH

2023/C 89/01	Tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Eanáir 2023 maidir le togra le haghaidh treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (CON/2023/2)	1
--------------	---	---

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2023/C 89/02	Fógra le haghaidh eintiteas amháin atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 267/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine	7
--------------	--	---

2023/C 89/03	Fógra le haghaidh eintiteas amháin atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine	8
--------------	---	---

An Coimisiún Eorpach

2023/C 89/04	Rátaí malairte an euro — 9 Márta 2023	9
--------------	---	---

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

2023/C 89/05	Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhchuíbítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta (<i>Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS https://edps.europa.eu</i>)	10
--------------	--	----

GA

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

2023/C 89/06	Fógra faoi Chód Teorainneacha Schengen — Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Cróite	14
--------------	---	----

FÓGRAÍ Ó THRÍÚ TÍORTHA

An Coimisiún Eorpach

2023/C 89/07	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11044 — Dericheburg / Elixor) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	16
--------------	--	----

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA RIRACHÁIN

An Coimisiún Eorpach

2023/C 89/08	Fógra de bhun airteagal 29(2) de na rialacháin foirne — Foilsiú folúntais le haghaidh phost an Leas-Ard-Stiúrthóra in Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (DEFIS) (grád AD 15) — COM/2023/10428	18
--------------	--	----

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 89/09	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11020 – KKR / APRIL) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	19
2023/C 89/10	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11063 – CVC CAPITAL / SCAN GLOBAL LOGISTICS) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	21

GNÍOMHARTHA EILE

An Coimisiún Eorpach

2023/C 89/11	Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún	23
--------------	--	----

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

AN BANC CEANNAIS EORPACH

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 16 Eanáir 2023

maidir le togra le haghaidh treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

(CON/2023/2)

(2023/C 89/01)

Réamhrá agus bunús dlí

An 15 Nollaig 2021 d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh treoir maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ⁽¹⁾ (dá ngairtear “an treoir atá beartaithe” anseo feasta).

Tá cinneadh déanta ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) tuairim a thabhairt ar a thionscnamh féin maidir leis an treoir atá beartaithe. Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus ar Airteagal 25.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear “Reacht CEBC” anseo feasta), go háirithe ós rud é go mbaineann an treoir atá beartaithe le (a) an tasc bunúsach atá le cur i gcrích tríd an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) chun beartas airgeadaíochta a shainiú agus a chur chun feidhme de bhun Airteagal 127(2) CFAE; (b) cúraimí BCE maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa de bhun Airteagal 127(6) CFAE; agus (c) rannchuidiú BCE le comhchuibhiú, i gcás inar gá, na rialacha agus na gcleachas lena rialaítear bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna réimsí atá laistigh dá réimse inniúlachta de bhun Airteagal 5.3 de Reacht CEBC. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, ghlac an Chomhairle Rialaithe an tuairim seo.

1. Barúlacha ginearálta

- 1.1. Tacaíonn BCE go ginearálta leis an treoir atá beartaithe, a bhfuil sé mar aidhm léi ráta agus doimhneacht na n-athchóirithe foirgníochta san Aontas a mhéadú, faisnéis faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus a áirithiú go bhfuil gach foirgneamh ag teacht le spriocanna aeráide an Aontais. Rannchuideofar le spriocanna aeráide an Aontais de thoradh na treorach atá beartaithe, agus anuas air sin tacófar freisin le hiarrachtaí an Aontais an tslándáil fuinnimh a áirithiú. Trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar athchóiriú agus trí spriocanna a leagan síos chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, cuideoidh an treoir atá beartaithe le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar ghás nádúrtha a ísliú. Ina theannta sin, beidh teaghlaigh agus cuideachtaí, dá bharr, níos athléimní i leith borrrhaí móra tobanna ar phraghsanna fuinnimh trí ídiú fuinnimh foirgneamh a ísliú agus cuideofar, sa mheántearma agus san fhadtéarma, le híogaireacht praghsanna a laghdú i leith na luaineachta i bpraghsanna breosla iontaise. Ina theannta sin, leis an treoir atá beartaithe breis tugtar cinnteachta do luas agus d'amlíne aistriú inbhuanaithe an Aontais, ar bhealach is féidir le hinstiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais a chur san áireamh ina gcinntí maidir le leithdháiltí punainne agus maoiniú meántearmach.
- 1.2. Fáiltíonn BCE roimh aidhm na treorach atá beartaithe an rochtain atá ar dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh DFFanna) a fheabhsú ar fud an Aontais. Leis na bearta atá beartaithe d'áiritheofaí go mbeadh rochtain iomlán ar DFFanna ag na hinstiúidí airgeadais, ag dul i ngleic leis na dúshláin shuntasacha a bhaineann le rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin a bhfuil institiúidí creidmheasa, go háirithe, agus institiúidí airgeadais, i gcoitinne, ag tabhairt aghaidh orthu faoi láthair. Leis na bearta sin chuirfí ar chumas na n-institiúidí creidmheasa agus na n-institiúidí airgeadais

⁽¹⁾ COM(2021) 802 final.

feabhas a chur ar mheasúnuithe riosca um an aistriú aeráide a dhéantar ar shócmhainní réadmhaoine. Tá feabhsú den sórt sin ábhartha ó thaobh BCE, an Eurochórais agus CEBC ar chúiseanna éagsúla. *Ar an gcéad dul síos*, toisc gurb ionann an t-iasachtú réadmhaoine agus sciar suntasach de leabhar baincéireachta na n-institiúidí creidmheasa faoi mhaoirseacht, tá an fhaisnéis seo an-ábhartha do BCE agus dá fheidhmeanna maoirseachta baincéireachta. *Ar an dara dul síos*, ós rud é gurb é atá i sciar suntasach den chomhthaobhacht a úsáideann contrapháirtithe in oibríochtaí beartais airgeadaíochta ná sócmhainní airgeadais a bhfuil morgáistí réadmhaoine ina dtacaíocht acu, lena n-áirithítear go bhfuil rochtain iomlán ar fhaisnéis DFF ag institiúidí creidmheasa agus ag institiúidí airgeadais, chuirfí le hacmhainneacht an Eurochórais – agus a shainordú maidir le cobhsaíocht praghsanna á shaothrú aige – sainaitheint, faireachán agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena chontrapháirtithe, leis an gcomhthaobhacht a ghlacann sé ina oibríochtaí athmhaoiniúcháin agus lena shealúchais sócmhainní a eascraíonn as idirbhearta glan amach. *Ar an tríú dul síos*, tá gá le rochtain níos mó ar fhaisnéis ghráinneach DFF chun tacú le cúraimí staidrimh CEBC, lena n-áirítear forbairt táscairí staidrimh le haghaidh anailís riosca um an athrú aeráide. Chuideodh sé sin le BCE dá réir sin agus é ag rannchuidiú le comhchuíbhiú na rialacha agus na gcleachtais lena rialaítear bailiú, tiomsú agus dáileadh an staidrimh sna réimsí a chuimsítear ina réimsí inniúlachta.

- 1.3. Mar sin féin, tá inní ar BCE maidir leis an modheolaíocht atá beartaithe chun na haicmí nua DFF a shainmhíniú, agus iarrann sé go mbeadh comhchuíbhiú breise ann ar fud an Aontais. Ní shainmhínítear sa treoir atá beartaithe ach critéir chomhchoiteanna do na DFFanna is fearr agus is measa i ndáil le gach Ballstát, gan na sainmhíntithe foluiteacha agus na modheolaíochtaí foluiteacha a shocraítear ar an leibhéal náisiúnta a chomhchuíbhiú go hiomlán. Ó thaobh riosca de, laghdófar leis seo an inchomparáideacht idir na Ballstáit agus laghdófar úsáideacht DFFanna mar sheachghníomhaithe i ndáil leis an méid riosca a bhaineann le sócmhainn réadmhaoine ar leith. Le modheolaíocht níos comhchuíbhithe chuideofaí le BCE, ina fheidhmeanna maoirseachta stuamachta, measúnú a dhéanamh ar thionchar na héifeachtúlachta fuinnimh ar neamhchosaintí réadmhaoine na n-institiúidí creidmheasa, ar bhonn sonraí iontaofa agus inchomparáide chomh maith le sainmhíntithe comhchoiteanna agus caighdeánaithe ar leibhéal an Aontais. Chuirfí feabhas freisin ar chumas an Eurochórais faireachán agus measúnú ceart a dhéanamh ar thionchar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid ar na sócmhainní atá ina sheilbh ar a chlár comhardaithe, agus cosaint riosca leordhóthanach ar chlár comhardaithe an Eurochórais a áirithiú.
- 1.4. Leis an treoir atá beartaithe aithnítear, mar is ceart, gurb é leas an tionscail airgeadais rochtain a bheith aige ar fhaisnéis a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Sa treoir atá beartaithe ba cheart a shoiléiriú go bhfuil institiúidí creidmheasa, arb iad príomhfhoinse an iasachtúcháin morgáiste iad, san áireamh ina raon feidhme.
- 1.5. Mar a mhionsonraítear tuilleadh thíos, tá BCE i bhfabhar, go háirithe, (a) modheolaíocht níos comhchuíbhithe le haghaidh lipéadú DFF ar fud an Aontais; (b) rochtain iomlán agus rochtain thráthúil a bheith ag na h-institiúidí creidmheasa agus ag na h-institiúidí airgeadais ar bhunachair sonraí DFF chun bainistiú a dhéanamh ar a gcuid rioscaí a bhaineann leis an aistriú aeráide; agus (c) an treoir atá beartaithe a thrasú roimh 2025.

Barúlacha sonracha

2. Modheolaíocht chun aicmí nua DFF a shainiú

- 2.1. Ós rud é go gcuireann roinnt Ballstát caighdeán DFF i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach, bheadh BCE i bhfabhar an próiseas lipéadúcháin DFF agus na tairseacha foluiteacha a chomhchuíbhiú laistigh de na Ballstáit. Ina theannta sin, leis an treoir atá beartaithe, ba cheart teorainn a chur leis na díolúintí a thagann faoin lánrogha náisiúnta (i.e. i roinnt Ballstát, níl foirgnimh neamhspleácha lena ngabhann achar urláir úsáideach iomlán níos lú ná 50 m² faoi réir na gceanglas DFF) chun an leibhéal is airde infhaighteachta DFF sa mhargadh agus cur chuige comhchoiteann ar leibhéal an Aontais a áirithiú.
- 2.2. Maidir leis an sainmhíniú ar DFF, cé gur mór ag BCE go bhfuil sé d'aidhm ag an treoir atá beartaithe inchomparáideacht na n-aicmí DFF ar fud an Aontais a mhéadú i gcomparáid leis an status quo, is ábhar inní dó nach bhfuil an mhodheolaíocht atá beartaithe chomh maith leis an méid comhchuíbhiúcháin is gá.

Ar an gcéad dul síos, mar a léirítear leis an bhfreachnamh tástála struis aeráide a chuir BCE i gcrích in 2022, leis na rialacháin ilchineálacha náisiúnta DFF atá i bhfeidhm faoi láthair, go háirithe na modheolaíochtaí éagsúla a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a ríomh, ní féidir sonraí ar leibhéal an Aontais a chomhiomlánú go cruinn (?).

Ar an dara dul síos, ní leagtar síos sa treoir atá beartaithe ach critéir chomhchoiteanna chun na foirgnimh is fearr agus is measa a shainmhíniú. Déanfar, go háirithe, a shainmhíniú gurb éard atá i bhfoirgnimh G na 15 % íochtarach de na foirgnimh i ngach Ballstát ó thaobh feidhmíocht fuinnimh de faoin tráth a dtabharfar na DFFanna nua isteach. Tugann sé sin le tuiscint go mbeadh fíorfeidhmíocht fuinnimh an-difriúil ag na 15 % íochtarach de na foirgnimh sna Ballstáit trí chéile, rud a laghdaíonn an fhíor-inchomparáideacht ar fud an Aontais.

(?) Féach tástáil struis 2022 maidir le riosca aeráide, Iúil 2022, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE um Maoirseacht Baincéireachta ag www.bankingsupervision.europa.eu.

Ar an trú dul síos, ní chuirtear, leis an treoir atá beartaithe, tairseacha aonchineálacha chun feidhme ar fud an Aontais chun an scéim lipéadúcháin a chomhchuíbhíú; is amhlaidh a fhágtar an sainmhíniú ar DFFanna faoi lánrogha na mBallstát. Cé go bhféadfaí, leis an gcur chuige sin, feabhas a chur ar an trédhearcacht maidir le feidhmíocht choibhneasta fuinnimh foirgneamh laistigh de Bhallstát agus go bhféadfadh iarracht athchóiriúcháin inchomparáide a bheith mar thoradh air ar fud an Aontais, d'fhéadfadh leithdháileadh neamhéifeachtúil caipitil a bheith mar thoradh air laistigh den Aontas (³). Ina theannta sin, le DFFanna Ballstát-sonracha agus na spriocanna athchóiriúcháin a ghabhann leo d'fhéadfaí tionchar a imirt ar luacháil sócmhainní réadmhaoine, i gcás nach bhfuil baint dhíreach ag an luacháil sin leis an bhfeidhmíocht fuinnimh agus le tionchar gaolmhar na gcostas a bhaineann le fuinneamh. Níl sé sin innhianaithe ó thaobh na maoirseachta agus na bainistíochta riosca de toisc gur dheacra luacháil sócmhainní réadmhaoine a nascadh le paraiméadair riosca creidmheasa agus le caighdeáin iasachtúcháin.

Ar an gceathrú dul síos, i bhfianaise an chumhdaigh theoranta atá ann faoi láthair ar DFFanna agus na heaspa sonraí maidir le feidhmíocht fuinnimh an stoic foirgneamh, d'fhéadfadh tairseacha neamhchalabraithe a bheith mar thoradh ar thairseacha tírshonracha atá bunaithe ar an bhfaisnéis DFF atá ann cheana, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil an cumhdach DFF gann. Má dhéantar droch-chalabrá ar na tairseacha, d'fhéadfadh sé nach léireofaí leis na sonraí DFF dáileadh foriomlán na feidhmíochta fuinnimh sna foirgnimh trí chéile agus d'fhéadfaí ilchineálacht gan údar a thabhairt isteach sna Ballstáit trí chéile.

- 2.3. Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, is é tuairim BCE gur fearr modheolaíocht níos aonchineálaí a bheith ann ar fud an Aontais, i bhfad na haimsire go háirithe. Admhaíonn BCE gur cinneadh polaitiúil ar deireadh é an rogha idir tairseacha ar leibhéal na mBallstát agus tairseacha ar leibhéal an Aontais, ar cinneadh polaitiúil é a gcaithfear cúinsí éagsúla eile a chur san áireamh ann freisin, amhail iarracht athchóiriúcháin inchomparáide i ngach Ballstát, beag beann ar staid an stoic tosaigh foirgneamh, nó an inúsáidteacht ó thaobh tionóntaí agus ceannaitheoirí de. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm leis an treoir atá beartaithe scálú DFF a chóineasú ar fud na mBallstát le himeacht ama. Le cur chuige den sórt sin, d'áiritheofaí sainmhíniú níos aonchineálaí ar fud an Aontais, rud a neartódh lánas faisnéise na DFFanna mar bhonn chun difreáil riosca a dhéanamh ar shócmhainní réadmhaoine, bunaithe ar fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh (⁴).
- 2.4. Mura féidir ar deireadh thiar an mhodheolaíocht le haghaidh comhchuíbhíú DFF a mhodhnú, d'fhéadfaí, le sampláil staidrimh atá bunaithe ar thréithe eile foirgnimh agus ar shonraí ó na Ballstáit uile, feabhas a chur ar chalabrá na dtairseach feidhmíochta fuinnimh. Go hidéalach, ba cheart an calabrá a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun ilroinnt na modheolaíochtaí meastacháin a sheachaint. Le tuilleadh mionsonraí maidir le méid na samplaí randamacha a bheidh le húsáid (⁵) i dtéarmaí sciar na sócmhainní réadmhaoine náisiúnta chuirfí, go háirithe, le comhsheasmhacht na modheolaíochtaí sna Ballstát trí chéile.
- 2.5. Mura féidir athruithe den sórt sin a thabhairt i gcrích, is den fhíor-riachtanas é, ar a laghad, go mbeidh na sonraí a úsáidtear chun na DFFanna a ríomh ar fáil go poiblí, mar a léirítear go sonrathíos.

3. Rochtain a bheith ag na páirtithe leasmhara ar shonraí feidhmíochta fuinnimh

- 3.1. Tacaíonn BCE go láidir le haidhm na treorach atá beartaithe go n-áiritheofaí go mbeadh rochtain ar DFFanna ag institiúidí creidmheasa agus ag institiúidí airgeadais. Is réamhchoinníoll bunriachtanach é rochtain a bheith ann ar shonraí maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh chun rioscaí a bhaineann leis an aistriú aeráide a mheas agus chun lorg carbóin na sócmhainní réadmhaoine a mheas toisc go ndéantar dífead leo d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais, dá bpunanna morgáiste go háirithe. Dá bhrí sin, bheadh rochtain ina cabhair chun éifeachtaí iarmhartacha féideartha ar chóras airgeadais an Aontais a chosc. Ba cheart rochtain iomlán ar DFFanna a bheith ag na húdaráis atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais, lena n-áirítear BCE, chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí foluiteacha aeráide.

(³) Úinéirí sna Ballstáit ina bhfuil leibhéal réasúnta ard éifeachtúlachta fuinnimh (agus an aeráid áitiúil á cur san áireamh), bheadh ceangal orthu a bhfoirgneamh a athchóiriú cé go bhfuil an foirgneamh sách tíosach ar fhuinneamh i gcomhthéacs an Aontais trí chéile de. Admhaítear go bhféadfadh an infhaighteacht fórsa saothair (áitiúil den chuid is mó) a bheith ina fachtóir teorannúcháin i roinnt Ballstát.

(⁴) D'fhéadfadh modheolaíocht níos cruinne, ach simplí, a bheith ann chun DFFanna a chomhchuíbhíú chun táscaire comhchoiteann a aimsiú ar leibhéal an Aontais mar phríomhthiománaí, amhail an úsáid fuinnimh príomhúil in kWh/(m².y) nó astaíochtaí CO₂ nó, go hidéalach, an dá cheann acu le chéile, é a ríomh ansin i leith na bhfoirgneamh go léir agus na torthaí a roinnt ina seacht n-aicme. Chun an fhaisnéis ó DFFanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chomhlánú, bunaithe ar an úsáid príomhúil fuinnimh in kWh/(m².y), d'fhéadfaí uasteorainn ar astaíochtaí gás ceaptha teasa inghlactha (kgCO₂eq/(m².y)) i ndáil le gach aicme DFF a bhreithniú chun dícharbónú níos tapúla na réadmhaoine a áirithiú.

(⁵) Féach mír 2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an treoir atá beartaithe.

- 3.2. Le cois na n-institiúidí creidmheasa, na n-institiúidí airgeadais agus na mbanc ceannais, na rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais a infheistíonn i dtáirgí réadmhaoine-bhunaithe amhail punanna morgáiste, urrúis shócmhainnbhunaithe nó bannaí faoi chumhdach, is gá rochtain a bheith acu ar shonraí feidhmíochta fuinnimh na réadmhaoine foluití chun a measúnuithe riosca aeráide féin agus a nochtaí aeráide féin a dhéanamh, go háirithe faoi Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ (dá ngairtear “Sustainable Finance Disclosure Regulation” (“an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe”) anseo feasta, SFDR) agus chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú gníomhaíochtaí eacnamaíochta réadmhaoine leis na critéir um maolú aeráide atá i Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ (dá ngairtear an “Rialachán maidir le Tacsanomaíocht” anseo feasta). Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an treoir atá beartaithe, maidir le infheisteoirí tríú páirtí a infheistíonn go díreach i sócmhainní atá bunaithe ar deireadh thiar ar réadmhaoine nó a ghlacann le sócmhainní den sórt sin mar chomhthaobhacht, go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis DFF i ndáil leis an réadmhaoine sin.
- 3.3. Ba cheart sonraí DFF, lena n-áirítear faisnéis faoin éileamh príomhúil fuinnimh, a bheith ar fáil d’institiúidí creidmheasa agus d’institiúidí airgeadais i gcomhthéacs infheistíochtaí díreacha nó iasachtúcháin morgáiste chun teach a thógáil nó a cheannach, agus ba cheart dóibh a bheith ar fáil freisin le haghaidh iasachtaí i gcomhair athchóiriú domhain. Dá chionn sin, chuirfí sin ar chumas na n-institiúidí creidmheasa agus na n-institiúidí airgeadais measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag athchóirithe den sórt sin ar luach na comhthaobhachta agus anailís riosca iomchuí a dhéanamh. In éagmais forálacha den sórt sin, tá an riosca ag baint leis an treoir atá beartaithe nach dtabharfar aghaidh ar cheann de na príomhbhearnaí sonraí arna sainaitheint le haghaidh institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais i ndáil le bailiú na faisnéise a cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ⁽⁸⁾.
- 3.4. I bhfianaise na dteorainneacha a bhaineann leis an modheolaíocht atá ann faoi láthair chun caighdeáin DFF a ríomh (féach mír 2.2 thuas), go háirithe in éagmais modheolaíocht níos comhchuibhithe le haghaidh na n-aicmí nua DFF, ba cheart go n-áirítear leis an treoir atá beartaithe, ar a laghad, go mbeidh fáil ag na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear na hinstitiúidí creidmheasa agus na hinstitiúidí airgeadais, ar eochairthréithe agus eochair-réimsí uile na DFFanna (e.g., an úsáid phríomhúil fuinnimh in kWh/(m².y)). Tá rochtain ar fhaisnéis atá gráinneach go leor (e.g., an úsáid phríomhúil fuinnimh in kWh/(m².y)), agus ní hamháin ar fhaisnéis chomhiomlán, rithábhachtach chun na teorainneacha a eascraíonn as difríochtaí sna haicmí DFF sna Ballstáit trí chéile a shárú agus chun a n-inchomparáideacht a áirithiú.
- 3.5. Tá sainaitheint uathúil rithábhachtach chun faisnéis a nascadh ó fhoinc sonraí go chéile, ionas go bhfuil idirinoibritheacht ann agus ionas go ndéantar dúbláil idir ceanglais tuairisciúcháin a sheachaint. Dá bhrí sin, leis an treoir atá beartaithe, ba cheart a áirithiú freisin gur féidir sonraí DFF a nascadh le suíomh beacht foirgnimh, lena airíonna fisiciúla nó le faisnéis airgeadais ábhartha trí úsáid a bhaint as sainaitheint uathúil foirgnimh agus tar éis treoirlínte arna bhforbairt laistigh den Bhonneagar d’Fhaisnéis Spásúil san Eoraip ⁽⁹⁾ (INSPIRE), chun an deis a thabhairt d’infheisteoirí, do bhainc cheannais agus do rialtóirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí um aistriú agus rioscaí fisiceacha a bhaineann le foirgnimh.
- 3.6. Ba cheart a shoiléiriú leis an treoir atá beartaithe gur cheart a thuiscint go n-áirítear faisnéis ghráinneach leis an aistriú faisnéise ó bhunachair sonraí náisiúnta go Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh nó go hardán tiomnaithe eile, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (dá ngairtear an “Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí”, RGCS anseo feasta) ná do choimircí dlíthiúla eile. Ina theannta sin, chun a áirithiú

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁽⁸⁾ Le Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó oiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1) foráiltear an critéar um rannchuidiú substaintiúil seo a leanas le haghaidh na gníomhaíochta “Athchóiriú foirgneamh atá ann cheana”: comhlíonann athchóiriú an fhoirgnimh na ceanglais is infheidhme le haghaidh *mór-athchóiriú*. De rogha air sin, is é an toradh a bhíonn air laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh (PED).

⁽⁹⁾ Féach an Bonneagar d’Fhaisnéis Spásúil san Eoraip, atá le fáil ag <https://inspire.ec.europa.eu>

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

go mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta ag na geallsealbhoirí uile, ba cheart faisnéis atá ar fáil go poiblí ó bhunachair sonraí náisiúnta, chomh maith le faisnéis a tharchuirtear chuig an bhFaireachlann um Stoc Foirgníochta nó chuig ardán tiomnaithe eile, a nuashonrú níos minice ná uair nó dhó sa bhliain, mar a bheartaítear faoi láthair sa treoir atá beartaithe ⁽¹¹⁾.

4. Amlíne le haghaidh modheolaíocht nua DFF

- 4.1. Molann BCE an treoir atá beartaithe a thrasú níos luaithe, faoi dheireadh 2024, seachas deireadh 2025, ar na cúiseanna seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, léiríodh sna freachnaimh mhaoirseachta a rinne BCE in 2022 gur saincheist thábhachtach é an méid sonraí DFF arna soláthar ag institiúidí creidmheasa. Cé go ndúirt institiúidí creidmheasa go raibh an rochtain theoranta ar chlár DFF i roinnt Ballstát ⁽¹²⁾ ar cheann de na bunchúiseanna, theip orthu freisin seachghníomhaithe a raibh brí leo a thuairisciú. I ndáil leis sin, dá dtabharfaí rochtain d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais ar shonraí gráinneacha DFF a luaithe is féidir, chuirfí feabhas ar na cleachtais agus na straitéisí bainistithe riosca atá acu cheana maidir le rioscaí um an aistriú aeráide, go háirithe i gcás stoc a leabhair iasachta réadmhaoine.

Ar an dara dul síos, is den rithábhacht é sonraí feidhmíochta fuinnimh a bheith ar fáil go tráthúil ar leibhéal an Aontais chun tiomantas cuí a thabhairt do cheanglais uasghrádúcháin na treorach atá beartaithe. Foráiltear leis an treoir atá beartaithe gur cheart foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí agus foirgnimh agus aonaid foirgnimh neamhchónaithe a fheabhsú go haicme feidhmíochta fuinnimh F ar a laghad faoi 2027, bunaithe ar na caighdeáin nua DFF. Tá dúshlán ag baint leis na spriocanna sin a bhaint amach gan na caighdeáin nua DFF a ghlacadh níos luaithe ⁽¹³⁾. Ceanglaítear ar na Ballstáit an treoir atá beartaithe a thrasú faoi 2025, agus dá bhrí sin níl fanta ach dhá bhliain chun na hathchóirithe riachtanacha a chur i gcrích.

- 4.2. Mura féidir an trasú a thabhairt chun cinn, molann BCE go ndéanfaí cur chun feidhme forálacha áirithe den treoir atá beartaithe a thabhairt chun tosaigh go deireadh 2024 seachas deireadh 2025.

5. Módúlachtaí le haghaidh comhchuibhiú DFF

- 5.1. Ós rud é go mbeidh DFFanna nua-eisithe bailí ar feadh suas le 10 mbliana, tá sé intuigthe le glacadh na treorach atá beartaithe go mbeidh dhá ghlúin DFFanna ann go comhuaineach, tar éis 2025, ar feadh tréimhse fhada. Dá bhrí sin, ba cheart go soiléireofaí le trasú na treorach atá beartaithe an chaoi a gcomhfhreagraíonn na seanghlúine agus na glúine nua sin de DFFanna dá chéile, ar cheart nó nár cheart caitheamh leo ar an mbealach ceannann céanna chun críocha rialála agus an chaoi a bhfaighidh na húinéirí na DFFanna nuashonraithe atá bunaithe ar chaighdeáin an Aontais, ós rud é go mbeadh tionchar aige sin ar luach na bhfoirgneamh. Mar shampla, tá “foirgnimh astaíochtaí nialasacha” (FANanna) nasctha le haicme feidhmíochta fuinnimh A faoin treoir atá beartaithe, ach ní léir an áireofar mar FANanna foirgnimh a bhfuil aicme feidhmíochta fuinnimh A faighte acu faoin treoir atá ann cheana. Tá sé ábhartha go háirithe an pointe sin a mheas in éineacht le dlíthe eile de chuid an Aontais, amhail an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus SFDR, ina bhfuil crostagairtí do DFFanna agus na sainmhínte ar FAN agus “foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh” ⁽¹⁴⁾.

- 5.2. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na réitigh is iomchuí a shainaitheint chun úinéirí foirgneamh a dhreasú chun a gcuid DFFanna a nuashonrú go tráthúil, mar bhealach chun feasacht a mhúscailt i dtaobh athchóirithe costéifeachtúla atá molta chun an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

⁽¹¹⁾ Féach Airteagal 19(3) agus Airteagal 19(4) den treoir atá beartaithe.

⁽¹²⁾ Féach tástáil struis 2022 maidir le riosca aeráide, Iúil 2022, atá le fáil ar shuíomh gréasáin BCE um Maoirseacht Baincéireachta ag www.bankingsupervision.europa.eu

⁽¹³⁾ Féach Airteagal 9 den treoir atá beartaithe.

⁽¹⁴⁾ Féach Iarscríbhinn I, Roinn 7.1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139; Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”, lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla (IO L 196, 25.7.2022, lch. 1).

6. Caighdeáin punainne morgáiste

- 6.1. Leis an treoir atá beartaithe, tugtar sainordú do na Ballstáit uirlisí cumasúcháin cistiúcháin agus maoiniúcháin a chur chun cinn, inter alia trí chaighdeáin punainne morgáiste, ina bhfuil sásraí lena spreagtar iasachtóirí morgáiste chun feidhmíocht fuinnimh a bpunainne a mhéadú ⁽¹⁵⁾. Tá an sainmhíniú atá beartaithe ar “caighdeáin punainne morgáiste” sách leathan, áfach, agus is beag an líon treoirlínte atá ann maidir leis an gcaoi ar cheart na caighdeáin sin a shainiú ar an leibhéal náisiúnta ⁽¹⁶⁾. Tar éis an trasú, d’fhéadfadh ilchineálacht caighdeán punainne morgáiste neamh-chomhchuíbhiúthe sna Ballstáit trí chéile a bheith mar thoradh ar an sainmhíniú sin. Sa treoir atá beartaithe, nó i ngníomh tarmligthe nua ón gCoimisiún, d’fhéadfaí íoscheanglais a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe lena ndéanfaí na caighdeáin punainne morgáiste a chomhchuíbhiú ar fud an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, is den rithábacht é go mbeidh dearadh na gcaighdeán punainne morgáiste inúsáidte gan stró agus ionstraimí airgeadais agus fiachais á n-eisiúint. Le dearadh den sórt sin d’fhéadfaí infheistíochtaí trasteorann a éascú i morgáistí a chuireann le feidhmíocht fuinnimh – i gcomhthéacs Aontas na Margái Caipitil freisin – agus d’fhéadfaí rannchuidiú na margái airgeadais a uasmhéadú, agus ar an gcaoi sin spleáchas ar iasachtú bainc agus ar scéimeanna tacaíochta rialtais a laghdú.
- 6.2. Go hidéalach, ba cheart go n-éireodh na caighdeáin punainne morgáiste níos déine le himeacht ama de réir mar a thagann feabhas ar mheánleibhéil DFF na sócmhainní réadmhaoine. Ba cheart, dá bhrí sin, na caighdeáin punainne morgáiste a athbhreithniú go rialta chun an feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic réadmhaoine a chur san áireamh chun go gcoimeádfar an dreasacht airgeadais chun feidhmíocht fuinnimh na gcomhthiomsuithe morgáiste a fheabhsú tuilleadh.

7. Caighdeánú bunachar sonraí

- 7.1. Leis an treoir atá beartaithe áirithítear go dtabharfar isteach sna bunachair sonraí náisiúnta naisc leis na tacair sonraí a bhaineann le foirgnimh eile. Éilítear leis idir-inoibritheacht agus comhtháthú na mbunachar sonraí náisiúnta i ndáil le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh le bunachair sonraí riaracháin eile ina bhfuil faisnéis faoi fhoirgnimh, amhail an cadastar náisiúnta foirgneamh agus logleabhair dhigiteacha foirgneamh. Chun inúsáidteacht na faisnéise a bhailítear a leathnú chun críocha cinnteoireachta, molann BCE go mbeartófaí sa treoir atá beartaithe freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme is gá le haghaidh idir-inoibritheacht agus comhtháthú den sórt sin de bhreis ar an leibhéal náisiúnta.

I gcás ina molann BCE go ndéanfaí an treoir atá beartaithe a leasú, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leithligh a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil le fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 16 Eanáir 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

⁽¹⁵⁾ Féach Airteagal 15(4) den treoir atá beartaithe.

⁽¹⁶⁾ Féach Airteagal 2, pointe 36 den treoir atá beartaithe.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITUTEIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

**Fógra le haghaidh eintiteas amháin atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear
i gCinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 267/2012 ón gComhairle
a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

(2023/C 89/02)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar Fajr Aviation Composite Industries (uimh. 12), ar eintiteas é atá liostaithe i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾ agus i gCuid I d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle ⁽²⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine.

Tá sé ar intinn ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne an eintitis thuasluaite a choinneáil bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna. Cuirtear in iúl leis seo don eintiteas lena mbaineann go bhféadfaidh sé an ráiteas ar chúiseanna lena ainmniú atá beartaithe a fháil, ach iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, faoin 17 Márta 2023, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

⁽¹⁾ IO L 195, 27.7.2010, lch. 39.

⁽²⁾ IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.

**Fógra le haghaidh eintiteas amháin atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear
i gCinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle a
bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

(2023/C 89/03)

Fógra arna dhíriú ar Wagner Group atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2020/1999/CBES ón gComhairle ⁽¹⁾ agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2020/1998 ón gComhairle ⁽²⁾ a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na daoine agus an t-eintiteas thuasluaite a áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ⁽³⁾ agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ⁽⁴⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Cuirtear in iúl leis seo don eintiteas lena mbaineann go bhféadfaidh sé an ráiteas ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, ach iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, faoin 17 Márta 2023, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

⁽¹⁾ IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13.

⁽²⁾ IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.

⁽⁴⁾ IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

9 Márta 2023

(2023/C 89/04)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0554	CAD	dollar Cheanada	1,4574
JPY	yen na Seapáine	143,82	HKD	dollar Hong Cong	8,2848
DKK	krona na Danmhairge	7,4421	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,7232
GBP	punt steirling	0,88814	SGD	dollar Shingepór	1,4279
SEK	krona na Sualainne	11,3365	KRW	won na Cóiré Theas	1 395,00
CHF	franc na hEilvéise	0,9911	ZAR	rand na hAfraice Theas	19,6578
ISK	króna na hÍoslainne	149,90	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,3515
NOK	krona na hIorua	11,2715	IDR	rupiah na hIndinése	16 294,30
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaesia	4,7715
CZK	koruna Phoblacht na Seice	23,626	PHP	peso na nOileán Filipíneach	58,237
HUF	forint na hUngáire	379,10	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,6785	THB	baht na Téalainne	37,066
RON	leu na Rómáine	4,9150	BRL	real na Brasaíle	5,4202
TRY	lira na Tuirce	20,0026	MXN	peso Mheicsiceo	18,9237
AUD	dollar na hAstráile	1,5965	INR	rúipí na hIndia	86,6215

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINN SONRAÍ

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta

(2023/C 89/05)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS <https://edps.europa.eu>)

An 7 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta. Is é cuspóir an Togra rialacha a leagan síos lena bhfeabhsófar an cóineasú i ngnéithe áirithe de dhlíthe na mBallstát a bhaineann le nósanna imeachta dócmhainneachta gnó neamhbhainc.

Eisítear an Tuairim reatha ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 13 Nollaig 2022, de bhun Airteagal 42(1) de RCSAE ⁽¹⁾. Díríonn sé ar na forálacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gceart bunúsach chun cosanta sonraí.

Is díol sásaimh do MECS na coimircí dá bhforáiltear maidir le rochtain ag cúirteanna ainmnithe na mBallstát ar fhaisnéis atá i gclár láraithe náisiúnta cuntas bainc.

Mar sin féin, déanann sé na moltaí seo a leanas:

Ar an gcéad dul síos, maidir leis an rochtain atá ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir sócmhainní náisiúnta, molann MECS cuspóir na rochtana sin a shonrú ní hamháin sa bhrollach ach freisin i dtéarmaí achtúcháin na treorach a bheidh ann amach anseo.

Ar an dara dul síos, molann MECS na coimircí riachtanacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais chun go mbeidh rochtain ag cleachtóirí dócmhainneachta as an nua, rud a bunaíodh leis an Togra, ar shonraí pearsanta atá i gclár úinéireachta tairbhiúla agus i gclár náisiúnta sócmhainní.

Ina theannta sin, maidir le hidirnascaidh na n-ardán ceantála, molann MECS go soiléireofaí gurb í an Treoir a bheidh ann amach anseo an bunús dlí d'idirnasc den sórt sin seachas gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún.

Molann MECS freisin go n-áiritheofaí go mbeadh gníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin, atá le glacadh chun an t-idirnasc sin a bhunú, i bhfeidhm nuair a bheidh feidhm ag an Treoir a bheidh ann amach anseo agus ag dlíthe na mBallstát lena dtrasuitear í.

Ar deireadh, maidir leis an gcumarsáid leictreonach, molann MECS go soiléireofaí, de réir mar a bheidh, an mbeifí ag brath ar an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar cheartas in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla trasteorann maidir leis an gcumarsáid leictreonach dá bhforáiltear sa Togra.

1. RÉAMHRÁ

1. An 7 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta ("an Togra") ⁽²⁾.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39).

⁽²⁾ COM(2022) 702 final.

2. Is é cuspóir an Togra rialacha a leagan síos lena bhfeabhsófar an cóineasú i ngnéithe áirithe de dhlíthe na mBallstát a bhaineann le nósanna imeachta dócmhainneachta gnó neamhbhainc ⁽³⁾. De réir na tuarascála ar an measúnú tionchair, léirigh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara go raibh deacrachtaí ag baint le rianú sócmhainní ⁽⁴⁾, go háirithe i gcás ina bhfuil an tsócmhainn suite i mBallstát eile seachas an Ballstát inar tionscnaíodh na himeachtaí. Bíonn éifeachtacht an rianaithe sócmhainní rithábachtach maidir le luach an eastáit dócmhainneachta a uasmhéadú toisc go mbíonn dreasacht ag féichiúnaithe sócmhainní a bhaint den eastát dócmhainneachta. Ní leor na hacmhainní atá ar fáil do chleachtóirí dócmhainneachta chun sócmhainní ar leis an eastát iad i mBallstát eile a rianú agus a chalcadh agus is minic a bhíonn diomailt na sócmhainní sin mar thoradh air faoin am a dhéantar beart. Tá faisnéis riachtanach chun sócmhainní a rianú san áireamh i gclár náisiúnta, ach níl na clár sin inrochtana agus/nó intuigthe ag cleachtóirí dócmhainneachta (de bharr bacainní teanga). Ina theannta sin, tá a rialacha féin ag gach Ballstát agus tugann sé cumhachtaí éagsúla do chleachtóirí dócmhainneachta maidir le rianú sócmhainní. Cuireann féidearthachtaí in easnamh nó anásta chun sócmhainní a rianú bac ar chumas cúirteanna, cleachtóirí dócmhainneachta nó páirtithe eile a bhfuil leasanna dlísteanaigh acu na sócmhainní a chinneadh agus a aimsiú, scrúdú a dhéanamh ar an ioncam a ghintear le gníomhaíocht chalaioiseach go minic, agus a rian a leanúint ⁽⁵⁾.

3. I dTeideal III den Togra maidir le sócmhainní a bhaineann leis an eastát dócmhainneachta a rianú, déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

- rochtain ag cúirteanna náisiúnta inniúla atá ainmnithe go sonrach ⁽⁶⁾ ar an gclár láráithe náisiúnta cuntas bainc ⁽⁷⁾ arna bhunú de bhun Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta (“an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid”), agus go háirithe ar an bhfaisnéis cuntais bainc a liostaítear in Airteagal 32a(3) de ⁽⁹⁾. Thabharfaí an rochtain arna hiarraidh sin don chleachtóir dócmhainneachta ⁽¹⁰⁾ a cheaptar in imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, i gcás inar gá chun críocha sócmhainní a bhaineann le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí sna himeachtaí sin a shainaitheant agus a rianú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi réir gníomhaíochtaí seachanta. Leis an Treoir a bheidh ann amach anseo, d’fhorchuirfí oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh an chumhacht ag na cúirteanna ainmnithe sin rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ar fáil i mBallstát eile, trí phointe rochtana aonair na gclár cuntas bainc a chuirfí i bhfeidhm leis an Treoir nua maidir le Frithsciúradh Airgid nuair a ghlacfar í ⁽¹¹⁾ (Airteagal 13 go 16);

⁽³⁾ Féach an tuarascáil ar an measúnú tionchair (SWD(2022) 395 final), leathanach 7.

⁽⁴⁾ Féach leathanach 172: is uirlis “leanúna airgid” é an rianú sócmhainní, lena gcuimseáítear cúirteanna, cleachtóirí dócmhainneachta nó páirtithe a léirigh leas dlísteanaigh chun na sócmhainní a chinneadh agus a aimsiú, scrúdú a dhéanamh ar an ioncam a ghintear le gníomhaíocht chalaioiseach go minic, agus a rian a leanúint. Is próiseas dlíthiúil é “rianú sócmhainní” chun sócmhainní mídhílisithe nó a bhfáltais (luachanna) ar le heastát an fhéichiúnaí iad a shainaitheant agus a aimsiú. Áirítear leis caomhnú (reo) na sócmhainní sainaitheanta agus aisdiúcháin (má tá an tsócmhainn le fáil i Stát eile) araon. [“UNCITRAL”, rianú agus aisghabháil sócmhainní sibhialta in imeachtaí dócmhainneachta. Nóta ón Rúnaíocht, an 4 Deireadh Fómhair 2021 (A/CN.9/WG.V/WP.175), § 29. Féach an Tuarascáil ón gCollóiciam maidir le Rianú agus Aisghabháil Sócmhainní Sibhialta roimhe seo (Vín, 6 Nollaig 2019) (A/CN.9/1008). Tá na doiciméid ar fáil ag www.uncitral.org].

⁽⁵⁾ Féach an tuarascáil ar an measúnú tionchair, leathanaigh 26-28 agus 172.

⁽⁶⁾ Faoi Airteagal 2(b), ciallaíonn Cúirt comhlacht breithiúnach Ballstáit.

⁽⁷⁾ De réir Airteagal 2(d) den Togra, ciallaíonn “clár láráithe cuntas bainc” na sásraí uathoibríthe láráithe, amhail clár lárnaigh nó córais lárnaigh leictreonacha aisghabhála sonraí, a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 32a(1) de Threoir (AE) 2015/849.

⁽⁸⁾ IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

⁽⁹⁾ De réir Airteagal 32a (3) den Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid, “beidh an fhaisnéis seo a leanas inrochtana agus inchuardaithe trí na sásraí láráithe dá dtagraítear i mír 1:

- le haghaidh úinéir tairbhíúil shealbhóir an chuntais custaiméara: an t-ainm, arna chomhlánú ag na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear pointe (b) d’Airteagal 13(1) nó ag uimhir aitheantais uathúil;
- I gcás shealbhóir an chuntais custaiméara agus aon duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú thar ceann an chustaiméara: an t-ainm, comhlánaithe ag na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear pointe (a) d’Airteagal 13(1) nó ag uimhir aitheantais uathúil;
- le haghaidh an chuntais bainc nó an chuntais íocaíochta: an uimhir IBAN agus dáta oscailte agus dúnta an chuntais;
- le haghaidh an taisceadáin: ainm an léasaí arna chomhlánú leis na sonraí sainaitheantais eile a cheanglaítear faoi na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 13(1) nó le huimhir aitheantais uathúil agus fad na tréimhse léasa”.

⁽¹⁰⁾ In Airteagal 2(a) den Togra sainmhínítear cleachtóirí dócmhainneachta mar “chleachtóir arna cheapadh ag údarás breithiúnach nó riaracháin i nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais, dá dtagraítear in Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/1023”.

⁽¹¹⁾ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM(2021) 423 final).

- rochtain indíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta ar an bhfaisnéis sin trí iarraidh ar na cúirteanna ainmnithe sa Bhallstát rochtain a fháil ar chuardaigh agus cuardaigh a réachtáil (aithris 16);
 - rochtain dhíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil (Airteagal 17);
 - rochtain dhíreach ag cleachtóirí dócmhainneachta ar chláir sócmhainní náisiúnta, i gcás ina bhfuil sí ar fáil (Airteagal 18).
4. Ina theannta sin, leis an Togra (Airteagal 40), cheanglófaí ar na Ballstáit a áirithiú, in imeachtaí foirceanta simplithe le haghaidh micrifhiontair dhócmhainneacha, gur féidir gach cumarsáid idir an t-údarás inniúil, agus, i gcás inarb ábhartha, an cleachtóir dócmhainneachta, ar thaobh amháin, agus na páirtithe sna himeachtaí sin, ar an taobh eile, a dhéanamh trí mhodhanna leictreonacha, i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creatáil um athstruchtúráil coisctheach, urscaoileadh fiachais agus dícháilíochtaí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúráil, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a mhéadú agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ (Treoir maidir le hathstruchtúráil agus dócmhainneacht) ⁽¹³⁾.
 5. Ar deireadh, d'fhorálfaí leis an Togra go mbunódh agus go gcoinneodh na Ballstáit ardán ceant leictreonach amháin nó níos mó chun sócmhainní an eastáit dócmhainneachta a dhíol in imeachtaí foirceanta simplithe (Airteagal 50) agus go gcuirfeadh an Coimisiún ar bun iad trí bhíthin gníomhartha cuir chun feidhme (Airteagal 51).
 6. Tá an tionscnamh seo, a fógraíodh i mí Mheán Fómhair 2020, mar chuid de thosaíocht an Choimisiúin Aontas na Margáil Caipitil a chur chun cinn ⁽¹⁴⁾, ar príomhthionscadal é chun comhtháthú airgeadais agus eacnamaíoch a chur chun cinn san Aontas Eorpach ⁽¹⁵⁾.
 7. Eisítear an Tuairim seo ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach an 13 Nollaig 2022, de bhun Airteagal 42(1) RCSAE. Fáiltíonn MECS roimh an tagairt don chomhairliúchán seo in aithris 63 den Togra. Maidir leis sin, sonraíonn MECS go dearfach freisin go ndeachthas i gcomhairle leis ar bhonn neamhfhoirmiúil de bhun aithris 60 EUDPR.

5. CONCLÚIDÍ

22. I bhfianaise an méid thuasluaite, déanann MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:

- (1) a shoiléiriú i dtéarmaí achtúcháin na Treorach a bheidh ann amach anseo nach gceadaítear do chleachtóirí dócmhainneachta rochtain a fháil ar chláir sócmhainní náisiúnta ach amháin i gcás inar gá chun críocha sócmhainní ar le heastát dócmhainneachta an fhéichiúnaí iad in imeacht dócmhainneachta leanúnach a shainaithint agus a rianú;
- (2) na coimircí riachtanacha a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais le haghaidh rochtain nua ag cleachtóirí dócmhainneachta, arna mbunú leis an Togra, ar shonraí pearsanta atá i gcláir um úinéireacht thairbhiúil agus i gcláir náisiúnta sócmhainní;
- (3) a shoiléiriú go mbunófaí idirnascaidh na gcóras ceant leictreonach náisiúnta leis an Treoir a bheidh ann amach anseo;

⁽¹²⁾ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (códú) (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

⁽¹³⁾ Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creatáil um athstruchtúráil coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúráil, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

Airteagal 28 Modhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid: Áiritheoidh na Ballstáit, i nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúráil, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais, go mbeidh na páirtithe sa nós imeachta, an cleachtóir agus an t-údarás breithiúnach nó riaracháin in ann na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad a dhéanamh trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha cumarsáide, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann:

- (a) éilimh a chomhdú;
- (b) pleananna athstruchtúraithe nó aiséicáíochta a thíolacadh;
- (c) fógraí do chreidiúnaithe;
- (d) agóidí agus achomhairc a thaisceadh.

⁽¹⁴⁾ COM(2020) 590 final.

⁽¹⁵⁾ Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra, leathanach 1.

- (4) a áirithiú go mbeadh na gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh ag an gCoimisiún chun idirnascadh na gcóras ceant leictreonach a chur ar bun i bhfeidhm tráth a mbeidh feidhm ag dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear an treoir ionas go mbeidh na coimircí cosanta sonraí atá le sonrú trí na gníomhartha cur chun feidhme sin i bhfeidhm freisin;
- (5) a shoiléiriú, de réir mar a bheidh, an mbeifí ag brath ar an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar cheartas in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla trasteorann maidir leis an gcumarsáid leictreonach dá bhforáiltear sa Togra.

An Bhruiséil, 6 Feabhra 2023.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Fógra faoi Chód Teorainneacha Schengen Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Cróite

(2023/C 89/06)

Fógra faoi Airteagal 42 de Chód Teorainneacha Schengen: Forálacha náisiúnta nuashonraithe maidir leis an oibleagáid dá bhforáiltear le dlí páipéir agus doiciméid a bheith i seilbh duine nó a bheith á -iompar aige

- In Airteagal 167 d'Acht na nEachtrannach (*Narodne Novine* (NN; Iris Oifigiúil Phoblacht na Cróite) Uimh. 133/20, 114/22, 151/22) ceanglaítear ar náisiúnaigh tríú tír doiciméad taistil eachtrach nó cárta aitheantais bailí, cead cónaithe bailí nó doiciméad poiblí eile a bhfuil grianghraf air a bheith á iompar acu agus, arna iarraidh sin d'oifigeach, an doiciméad sin a thaispeáint. Arna iarraidh sin d'oifigeach, ní mór do náisiúnaigh tríú tír doiciméad taistil a thaispeáint, sin nó doiciméad eile a úsáidtear chun an teorainn a thrasnú.
- Le hAirteagal 35(1) den Acht maidir le Náisiúnaigh de Bhallstáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) agus baill dá dteaghlaigh (NN Uimh. 66/19, 53/20, 144/20, 114/22), ceanglaítear ar náisiúnaigh fhásta de Bhallstáit LEE agus ar bhail fhásta dá dteaghlaigh nach náisiúnaigh LEE iad cárta aitheantais eachtrach bailí nó doiciméad taistil eachtrach bailí, doiciméad poiblí eile ar a bhfuil grianghraf, nó cárta cónaithe, a bheith á iompar acu, má cheanglaítear orthu na nithe sin a bheith ina seilbh acu faoi fhorálacha an Achta sin, agus iad a thaispeáint lena n-iniúchadh ag daoine atá údaraithe faoi reachtaíocht speisialta chun doiciméid taistil nó cártaí aitheantais a iniúchadh.
- Le hAirteagal 16(1) den Acht um Chárta Aitheantais (NN Uimh. 62/15, 42/20, 144/20, 114/22), daoine fásta agus daoine a bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe acu, ar cheadaigh cúirt dóibh in imeachtaí neamhchospóideacha pósadh agus ar daoine iad a phós, más i bPoblacht na Cróite atá a n-áit chónaithe, ceanglaítear orthu cárta aitheantais a bheith á iompar acu agus é a thaispeáint lena iniúchadh ag daoine atá údaraithe faoi reachtaíocht speisialta chun cártaí aitheantais a iniúchadh ar mhaithe le céannacht shealbhóir an chárta a shuí nó a fhíorú.

Fógra faoi Airteagal 42 de Chód Teorainneacha Schengen: Forálacha náisiúnta nuashonraithe maidir leis an oibleagáid atá ar náisiúnaigh tríú tír a láithreach ar chríoch Phoblacht na Cróite a thuairisciú

- Le hAirteagal 177 d'Acht na nEachtrannach (NN Uimh. 133/20, 114/22, 151/22), daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha a chuir cóiríocht ar fáil do náisiúnach tríú tír le linn fanacht ghearrthéarmach, ceanglaítear orthu cóiríocht an náisiúnaigh tríú tír a thuairisciú laistigh de 1 lá tar éis theacht an náisiúnaigh tríú tír chun críoch cóiríochta. Tá feidhm an oibleagáid chéanna maidir le hinstitiúidí cúraim sláinte, oifigí an bhoird turasóireachta, agus soláthraithe seirbhíse calaithe i gcalafoirt nuair a bhíonn náisiúnaigh tríú tír ag fanacht ar shoitheach. Mura féidir an chóiríocht a thuairisciú ar an mbealach a leagtar amach thuas, tuairisceoidh an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go gearrthéarmach a gcóiríocht féin laistigh de 2 lá tar éis dó a theacht isteach i Phoblacht na Cróite nó tar éis dó cóiríocht eile a fháil.

Fógra faoi Airteagal 42 de Chód Teorainneacha Schengen: Forálacha náisiúnta nuashonraithe maidir le pionóis i leith trasnú neamhúdaraithe na dteorainneacha seachtracha ag áiteanna nach pointí trasnaithe teorann iad nó ag amanna lasmuigh de na huaireanta oscailte seasta

- Le hAirteagal 42 den Acht um Rialú Teorann (NN Uimh. 83/13, 27/16, 114/22, 151/22), forchuirtear téarma príosúnachta 30 lá nó fíneáil idir EUR 260 agus EUR 1 320 ar dhaoine nádúrtha ar dhaoine iad:
 1. a thrasnaíonn an teorainn sheachtrach nó a dhéanann iarracht an teorainn sheachtrach a thrasnú ag áiteanna nach pointe trasnaithe teorann iad, sin nó ag pointe trasnaithe teorann ag amanna lasmuigh de na huaireanta oscailte;
 2. a théann timpeall ar sheiceálacha teorann nó a fhágann limistéar an phointe trasnaithe teorann sula ndéantar na seiceálacha teorann.

- In Airteagal 249, mír 8 d'Acht na nEachtrannach (NN Uimh. 133/20, 114/22, 151/22), foráiltear an méid seo a leanas: “Is éard a fhorchur ar dhaoine nádúrtha a chabhraíonn le náisiúnaigh tríú tír nó a dhéanann iarracht cúnamh a thabhairt dóibh agus iad ag teacht isteach i bPoblacht na Cróite, ar idirthuras inti nó ag fanacht inti go neamhdhleathach, téarma príosúnachta suas le 60 lá nó fíneáil EUR 3 050 in aghaidh gach náisiúnaigh tríú tír a tugadh cúnamh dó”. Foráiltear i mír 9: “Maidir leis na cionta dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo, déanfar na hionstraimreachtaí a urghabháil más é an duine a thug cúnamh nó a rinne iarracht cúnamh a thabhairt don náisiúnach tríú tír úinéir an mhodha iompair”.
-

FÓGRAÍ Ó THRÍÚ TÍORTHA

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11044 — Dericheburg / Elior)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe
(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 89/07)

1. An 2 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- Groupe Derichebourg (“Derichebourg”, an Fhrainc),
- Elior Group SA (“Elior”, an Fhrainc).

Gheobhaidh Derichebourg rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Elior ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tá Derichebourg gníomhach, go príomha sa Fhrainc, in earnálacha na seirbhísí comhshaoil (bailiú agus aisghabháil dramhaíola, seirbhísí pobail, mar shampla, bailiú dramhaíola tí) agus seirbhísí do ghnólachtaí agus don phobal (seirbhísí i nglaineacht, obair ghníomhaireachta shealadach, seirbhísí aerloingseoireachta seachfhoinsithe, bainistiú agus oibriú suiteálacha teicniúla i bhfoirgnimh, etc.),
- Tá Elior gníomhach, go príomha sa Fhrainc, sna hearnálacha lónadóireachta coitinne agus seirbhísí do ghnólachtaí, do riaracháin agus d'údaráis phoiblí, i dtéarmaí glaineachta, bainistiú teicniúil agus riaracháin foirgneamh nó bainistiú saoráidí (seirbhísí fáiltithe agus concierge, gnáthchothabháil, etc.) agus bainistiú limistéar glas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11044 — DERICHEBOURG / ELIOR

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffé des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 29(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE

Foilsíú folúntais le haghaidh phost an Leas-Ard-Stiúrthóra in Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail
Cosanta agus an Spáis (DEFIS) (grád AD 15)

COM/2023/10428

(2023/C 89/08)

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach fógra folúntais (tagairt COM/2023/10428) le haghaidh phost an Leas-Ard-Stiúrthóra in Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (DEFIS) (grád AD 15).

Chun téacs an fhógra folúntais a fheiceáil in 24 theanga agus chun d'iarratas a chur isteach, téigh chuig an leathanach gréasáin tiomnaithe seo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: <https://europa.eu/!TkmWYM>

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11020 – KKR / APRIL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 89/09)

1. An 28 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

- KKR & Co. Inc. (“KKR”, Stáit Aontaithe Mheiriceá)
- April S.A.S. (“April”, an Fhrainc)

Gheobhaidh KKR rialú aonair ar April ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a thairgeann bainistiú sócmhainní mar aon le réitigh margaí caipitil agus árachais. Is le KKR +Simple, bróicéir mórdhíola árachais ón bhFrainc a bunaíodh in 2015, ar ardán bróicéireachta árachais dhigitigh é do ghnólachtaí sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil agus le déanaí, an Ostair.
- Is bróicéir árachais é April a bhfuil a cheanncheathrú in Lyon na Fraince, agus díríonn sé ar línte árachais phearsanta sna réimsí a leanas: sláinte, cosaint, maoin agus taismigh, iasachtaí baile agus árachas sláinte idirnáisiúnta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11020 – KKR / APRIL

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11063 – CVC CAPITAL / SCAN GLOBAL LOGISTICS)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 89/10)

1. An 3 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. (“CVC”, Lucsamburg),
- SGL TransGroup US Corp (na Stáit Aontaithe) agus Scan (Jersey) TopCo Ltd (Geirsí), dá ngairtear le chéile Scan Global Logistics, faoi rialú AEA Investors SBF LP (“AEA”, na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh CVC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Scan Global Logistics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tugann CVC comhairle do chistí infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i réimse tionscal ar fud an domhain, go príomha san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus bainistíonn sé iad freisin,
- Cuireann Scan Global Logistics seirbhísí seolta lasta idirnáisiúnta ar bheagán sócmhainní ar fáil ar fud an domhain. Faoi láthair, tá Scan Global Logistics faoi rialú AEA, atá gníomhach in infheistíocht cothromais phríobháidigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialachán um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thrú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11063 – CVC CAPITAL / SCAN GLOBAL LOGISTICS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

⁽²⁾ IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 89/11)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

“Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda / Manzanilla”

PDO-ES-A1482-AM04

Dáta teachtaireachta: 12.12.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Ainm faoi chosaint a áireamh

Tuairisc:

Cuireadh isteach cosaint don téarma “Manzanilla” as féin.

Baineann an leasú sin le Roinn A den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair). Go háirithe, níl athrú ar na hainmneacha atá le cosaint i gceist leis, mar gheall go raibh an téarma “Manzanilla” cosanta cheana féin faoi dhlí an Aontais. Cé nár úsáideadh an téarma seo as féin sa tsonraíocht táirge, áiríodh é cheana féin sa doiciméad aonair mar ainm atá le cosaint.

Cúis:

Seachas go n-úsáidtear an téarma “Manzanilla” go minic ar a lipéid féin agus ar ábhair eile bhí “Manzanilla” coibhéiseach leis an ainm “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda” ó foilsíodh Rialachán (CE) Uimh. 1426/96 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1996.

2. Leasuithe ar an tuairisc ar an táirge

Tuairisc:

1. Leasaíodh Roinn B.1 (Saintréithe anailíseacha an táirge) mar a leanas:

- Leasaíodh ainm agus uimhir na roinne sin. Seo an ceannteideal atá uirthi anois: B.2 Saintréithe anailíseacha.
- Laghdaíodh an íosmhéid siúcra ó 5 agus 4 ghram in aghaidh an lítir.

⁽¹⁾ IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúis:

Rinneadh oiriúnú agus athstruchtúráil ar ábhar na sonraíochta táirge.

Leasaíodh an tagairt do mhéid siúcra i dtéarmaí “siúcraí a laghdú” (lena n-áirítear roinnt comhdhúile eile) ionas nach ndéantar tagairt ach don ábhar glúcóis agus fruchtóis, mar go bhfuil sé sin níos beachte i dtéarmaí teicniúla.

2. Leasaíodh Roinn B.2 (Saintréithe orgánaileipteacha).

- a) Leasaíodh uimhir na roinne sin chuig B.3 (Saintréithe orgánaileipteacha).
- b) Feabhsaíodh agus cuíchóiríodh an tuairisc orgánaileipteach ar an bhfíon.
- c) Bogadh an mhír maidir le “Manzanilla Pasada” chuig Roinn C.3 (Tabhairt chun cineáil nó aibiú).

Cúis:

Rinneadh oiriúnú agus athstruchtúráil ar ábhar na sonraíochta táirge.

Áiríodh tagairt do shaintréithe amhairc, boltanacha agus blais ar féidir leis an gcoiste blaiste iad a dheimhniú.

Is mó ciall atá ag baint leis an mhír maidir le “Manzanilla Pasada” a áireamh i Roinn C.3.

Baineann an leasú le Roinn B den tsonraíocht agus le Roinn 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

3. **Leasuithe ar chleachtais fhíoneolaíochta shonracha agus srianta arna bhforchur**

Tuairisc:

1. Leasaíodh ainm na roinne sin chuig: C) CLEACHTAIS FHÍONEOLAÍOCHA SHONRACHA AGUS SRIANTA ARNA bhFORCHUR.

Cúis:

Ailíniú le téarmeolaíocht an dlí.

2. Scriosadh Roinn C.1 (Sainmhínte).

Cúis:

I gcás inar gá, tugtar sainmhínte ar na coincheapa éagsúla sna ranna agus míreanna ábhartha.

3. Leasaíodh Roinn C.2 (Modh fíonóireachta).

- a) Leasaíodh ainm agus uimhir na roinne C.2 (Modh fíonóireachta). Seo an ceannteideal atá uirthi anois: C.1 An fhíonóireacht.

Cúis:

Rinneadh oiriúnú agus athstruchtúráil ar na míreanna sa tsonraíocht táirge. Áiríodh an sainmhíniú ar fhíonóireacht.

- b) Scriosadh an tagairt do teorainneacha táirgeachta le haghaidh táirgí forlíontacha.

Cúis:

Tá na teorainneacha dlíthiúla i bhfeidhm.

- c) Áiríodh an fhéidearthacht go mbeadh aigéadú le sulfáit chailciam, faoi réir na dtéorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Cúis:

Baineann an leasú sin le cleachtas traidisiúnta a ionchorprú a cheadaítear le haghaidh STFC “Sanlúcar de Barrameda”.

4. Áiríodh Roinn C.2 (Treisiú).

- a) Cuireadh leis Roinn C.2 (Treisiú), ina sainmhínear cleachtas an treisithe agus ina mínítear an chúis go n-úsáidtear é. Soláthraíodh an fhaisnéis sin cheana i Roinn C.4 (Treisiú – ag úsáid an téarma Spáinnise “Encabezado”).

Cúis:

Faebhsaíodh an téacs chun na cleachtais a cheadaítear a fheabhsú. Is é an téarma Spáinnise a úsáidtear le tagairt don treisiú anois “*fortificación*”, in ionad an chomhchiallaigh “*encabezado*” a úsáideadh roimhe sin.

- b) Cuireadh “alcól de bhunadh fionsaothraithe” in ionad an tagairt do “alcól fíona”.

Cúis:

Tá údar leis an leasú ar bhonn na dtáirgí a cheadaítear i reachtaíocht is infheidhme an Aontais.

- c) Bogadh chuig an roinn sin an tagairt a áiríodh roimhe sin i Roinn D.1 leis an bhféidearthacht gur tháinig an t-alcól ó fhíonchaora a fuarthas lasmuigh den limistéar.

Cúis:

Is bealach níos fearr é sin chun an fhaisnéis a struchtúru.

5. Leasaíodh Roinn C.3 (Tabhairt chun cineáil nó aibiú) mar a leanas:

- a) Áiríodh sainmhínithe ar na téarmaí a leanas: aibiú, “*bota*”, aibiú bitheolaíochta, brat giosta “*flor*”, aibiú ocsaídiúcháin, córas “*criaderas y solera*”, “*sacas*”, “*rocíos*”, “*solera*”, “*criadera*”, córas “*añadas*”, chomh maith leis na téarmaí lipéadaithe “*Manzanilla Pasada*” agus “*Añada*”.

Cúis:

Is é an rún a áirithiú go bhfuil teicnící tugtha chun cineáil a úsáidtear do na fionta a chumhdaíonn STFC “*Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda*” sainmhínithe go soiléir.

- b) Leasaíodh an tagairt do “chascaí adhmaid” chuig “bairillí adhmaid”.

Cúis:

Ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019.

- c) Scriosadh an abairt ina luaitear go bhféadfadh laghdú i méid alcóil na bhfionta go dtí faoi bhun 15 % de réir toirte a bheith de thoradh an phróisis tugtha chun cineáil trí bhíthin aibiú bitheolaíochta.

Cúis:

Níl feidhm aige mar gheall nach mór don táirge na coinníollacha a chomhlíonadh nuair atá sé á dheimhniú ag an tairgeoir.

- d) Scriosadh an abairt ina luaitear nach mór go mbeadh meánaois 2 bhliain ag na fionta.

Cúis:

Is riail ghinearálta í seo le haghaidh fionta “*generoso*” (treisithe) agus áirítear í i measc na gceanglas sa tuairisc ar an bhfíon a thugtar i Roinn B.

- e) Scriosadh an teorainn de 40 % de na stoic i ngach catagóir tugtha chun cineáil is féidir a eisiúint ag tús na bliana agus na rialacha eile a bhaineann leis an gcuóta (stoic ag méadú níos mó ná 10 %). Áiríodh foirmle chun an mheánaois a ríomh.

Cúis:

Tá údar leis an leasú sin trí fhoirmle níos sonraíche a bheith san áireamh, trína gceadaítear meánaois íosta a áirithiú.

- f) Áiríodh ceanglas tugtha chun cineáil sonracha (7 mbliana) le haghaidh “*Manzanilla Pasada*”.

Cúis:

Dá bhrí sin, cuireadh ceanglais níos beachte in ionad na tagartha roimhe seo don “tabhairt chun cineáil fadaíthe”.

- g) Scriosadh na tagairtí do thréimhsí tugtha chun cineáil sínithe de 12 agus 15 bliana.

Cúis:

Ní théann tabhairt chun cineáil bitheolaíochta ar aghaidh ar feadh an oiread sin blianta agus dá bhrí sin níl feidhm ag na catagóirí aoise speisialta sin maidir leis an tsonraíocht táirge sin.

6. Roinn C.4. Scriosadh treisiú (“*Encabezado*”).

Cúis:

Rinneadh oiriúnú agus athstruchtúráil ar an téacs.

Baineann an leasú seo le Roinn C den tsonraíocht táirge agus Roinn 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

4. Athruithe ar an limistéar geografach

Tuairisc:

1. Leasaíodh Roinn D.1 (Limistéar táirgthe).

- a) Tá an ceannteideal Spáinnise a úsáideadh le haghaidh Roinn D.1 athraithe ó “*Área de producción*” go “*Zona de producción*”.

Cúis:

Oiriúnaíodh teideal na roinne chun í a ailíniú leis an reachtaíocht is infheidhme.

- b) Bogadh an abairt ina mínítear an fhéidearthacht de tháirge forlíontach dá dtagraítear i roinn C.4 arna ndéanamh as fíonchaora de thionscnamh áit lasmuigh den limistéar táirgthe chuig Roinn C.2 (Treisiú).

Cúis:

Rinneadh athstruchtúráil ar ábhar na sonraíochta táirge.

- c) Áiríodh na fíonghoirt de San José del Valle lonnaithe siar ó fhadlíne 5° 49’siar ó Greenwich.

Cúis:

Bhíodh bardas San José del Valle, mar a thugtar air inniu, ina chuid de bhordas Jerez de la Frontera. Ní mór na fíonghoirt atá ann cheana a áireamh sa limistéar críochaithe.

2. Leasaíodh Roinn D.2 (Limistéar tugtha chun cineáil).

- a) Athainmníodh an roinn sin mar a leanas: D.2. Aonaid gheografacha níos lú sa limistéar críochaithe.

Cúis:

Is é is cúis leis an leasú sin go ndearnadh athstruchtúráil agus feabhsú ar an tsonraíocht táirge.

- b) Déantar tagairt d’aonaid gheografacha níos lú ar a dtugtar “*pagos*” go traidisiúnta agus cuireadh Iarscríbhinn leis ina liostaítear na “*pagos*” ar fad a áirítear sa limistéar críochaithe.

Cúis:

Tá na “*pagos*” ar cheann de na tréithe is mó a bhaineann le fíonta “*Manzanilla*”. Ach ní raibh siad críochaithe go geografach ina n-iomláine go dtí 2015, agus dá thoradh sin is féidir ó shin tionscnamh na bhfíonchaora a dheimhniú.

3. Cuireadh leis Roinn D.3 (fíniúnacha “*Jerez Superior*”).

Níl aicmiú fíniúna “*Jerez Superior*”, a áiríodh cheana i Roinn C.1., teoranta a thuilleadh do bhordais áirithe (mar a luadh cheana i roinn “*Sainmhínithe*” na sonraíochta táirge atá ann faoi láthair). Tá feidhm ag a aicmiú sin anois maidir leis an limistéar críochaithe ar fad agus cinntear é ar bhonn staidéar ar a ndéanann coiste saineolaithe measúnú.

Sainmhínithe.

Cúis:

Rinneadh an t-athrú sin bunaithe ar an ngá le téacs na sonraíochta táirge a athstruchtúráil agus mar gheall go bhfuil sé idirdhealaitheach an t-aicmiú a shrianadh chuid bardais áirithe agus nach féidir seasamh leis ar fhorais theicniúla.

4. Áiríodh Roinn D.4 (Limistéar tugtha chun cineáil). Bhí sé sin i Roinn D.2 roimhe sin.

Cúis:

Is é is cúis leis an leasú sin go ndearnadh athstruchtúráil agus feabhsú ar an tsonraíocht táirge. Baineann an leasú le Roinn D den tsonraíocht táirge agus le Roinn 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

5. **Leasuithe ar an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir**

Tuairisc:

1. Scriosadh an tagairt don uastáirgeacht incháilithe atá ionann le 80 heictilítear.
2. Baineadh an fhéidearthacht chun uisciú a dhéanamh ar fhíniúnacha a bhfuil sé i gceist iad a úsáid chun táirgí forlíontacha a dhéanamh.
3. Níor tháinig aon athrú ar na teorainneacha táirgeachta sonracha le haghaidh fíniúnacha i bhfíonghoirt a plandáil le déanaí, ach bogadh an fhaisnéis sin chuig Roinn H (Coinníollacha breise). Baineann an leasú seo le Roinn E den tsonraíocht táirge agus Roinn 5.2 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Ba cheart tagairtí do tháirgeachtaí a chur in iúl go heisiach mar chileagraim in aghaidh an heicteáir. Níl gá leis an tagairt d'uisciú. Is bealach níos fearr é sin chun an fhaisnéis a struchtúráil.

6. **Athruithe ar na cineálacha fíonchaoire as a dtionscnaíonn an fíon**

Tuairisc:

1. Tá na cineálacha fíonchaoire srianta anois go heisiach chuig Listán Blanco (nó Palomino Fino) agus Palomino. Ciallaíonn sé sin gur scriosadh Pedro Ximenez agus Moscatel agus gur deighleadh Palomino ina dhá chuid, i.e. Palomino agus Palomino Fino.
2. Scriosadh an ceanglas nach mór go dtiocfadh 60 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear ó fhíonghoirt i limistéar "Jerez Superior".

Baineann an leasú le Roinn F den tsonraíocht táirge agus le Roinn 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Tá an leasú sin bunaithe ar an bhfíoras nach n-úsáidtear ach na cineálacha fíonchaoire Listán Blanco (nó Palomino Fino) agus Palomino sa chleachtas. Is é an rún freisin aitheantas fíona Manzanilla a chaomhnú.

A mhéid a bhaineann leis an gceanglas nach mór go dtiocfadh 60 % ar a laghad de na fíonchaora ó limistéar "Jerez Superior", sa chleachtas chiallóidh an srianadh seo nach mbeadh sé indéanta ainmneacha na "pagos" a áireamh ar lipéid na bhfíonta "Manzanilla" a dhéantar ó fhíonchaora a fhoinsítear 100 % ó "pagos" nach bhfuil lonnaithe i limistéar "Jerez Superior".

7. **Leasuithe ae fhoclaíocht na roinne maidir leis an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht na bhfíonta**

Tuairisc:

Feabhsaíodh an fhoclaíocht agus athstruchtúraíodh an fhaisnéis d'fhonn bunús ceart a thabhairt don nasc idir saintréithe an táirge agus an limistéar críochaithe.

1. Leasaíodh Ranna G.1 (Tosca daonna) agus G.2 (Tosca nádúrtha).
 - a) Athraíodh ainm na roinne chuig G.1 (Tosca saintréitheacha an limistéir gheografaigh), ag grúpáil le chéile an fhaisnéis a leagadh amach roimhe sin i Ranna G.1 (Tosca daonna) agus G.2 (Tosca nádúrtha).

Cúis:

Is bealach níos fearr é sin chun an fhaisnéis a struchtúró, ag tabhairt le fios saintréithe sonracha na bhfionta a chumhdaíonn STFC “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda”.

- b) Cuireadh isteach Roinn G.2 (Saintréithe na bhfionta cosanta atá de bharr an chomhshaoil gheografaigh go bunúsach nó go heisiach).

Cúis:

Is bealach níos fearr é sin chun an fhaisnéis a struchtúró.

- c) Cuireadh isteach Roinn G.3 (Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus saintréithe na bhfionta).

Cúis:

Is bealach níos fearr é sin chun an fhaisnéis a struchtúró. Roinn nua atá anseo maidir leis an nasc cúisíoch idir saintréithe na bhfionta agus an comhshaoil.

Baineann an leasú sin le Roinn G den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair). Ní chuireann sé ar neamhní an nasc mar nach mbaineann sé ach leis an téacs a fheabhsú.

8. Athruithe ar an roinn “ceanglais is infheidhme ag an gcomhairle rialála”

Tuairisc:

1. Athraíodh teideal na roinne chuig H (COINNÍOLLACHA BREISE). Scríosadh na tagairtí do cheanglais nós imeachta nó do reachtaíocht ghinearálta síos tríd an roinn sin.

Cúis:

Níl an ceannteideal atá ann faoi láthair, “Ceanglais is infheidhme ag an gComhairle Rialála”, comhréireach le teimpléid an Choimisiúin Eorpaigh. Scríosadh na tagairtí mar nach ndéanann sé ciall iad a áireamh sa tsonraíocht táirge.

2. Leasaíodh Roinn H.1 (Cláir).

Scríosadh an liosta mionsonraithe clár agus cuireadh tagairt dóibh sin a luaitear i rialacha nós imeachta na Comhairle Rialála ina ionad. Sainmhíníodh na gníomhaíochtaí a dhéanann oibreoirí is gá a chlárú leis an gComhairle Rialála.

Cúis:

Leasaíodh an fhoclaíocht chun í a thabhairt i gcomhréir leis na cláir a bhunaítear i rialacha nós imeachta na Comhairle Rialála.

3. Leasaíodh Roinn H.2 (Ceanglais is infheidhme le haghaidh táirge fíonchaor).

- a) Scríosadh an tagairt d’Airteagal 9 de Dhlí 24/2003 an 10 Iúil 2003 maidir le fíniúnacha agus fíon agus aisghaireadh an reachtaíocht. Scríosadh freisin an fhéidearthacht chun uisciú a dhéanamh i gcás fíniúnacha a bhfuil sé i gceist iad a úsáid chun táirgí forlfontacha a dhéanamh. Tá an fhéidearthacht chun uisciú a dhéanamh srianta freisin do na fíniúnacha a bhfuil sé i gceist iad a úsáid chun alcól a thairgeadh le haghaidh treisithe, mar gheall nach bhfuil sé i gceist iad a úsáid chun bunfhíonta a dhéanamh.

Cúis:

Scríosadh an tagairt d’Airteagal 9 de Dhlí 24/2003 an 10 Iúil 2003 maidir le fíniúnacha agus fíon agus aisghaireadh an reachtaíocht.

Tá uisciú féideartha i gcás fíniúnacha a bhfuil sé i gceist iad a úsáid chun alcól a dhéanamh mar gheall nach bhfuil feidhm ag na ceanglais arna mbunú chun an fíon cosanta a thairgeadh.

- b) Cuireadh isteach foroinn nua, foroinn c) (Táirgeachtaí). Áiríodh an fhaisnéis sin roimhe seo i Roinn E (Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir).

Cúis:

Rinneadh athstruchtúró agus feabhsú ar an tsonraíocht táirge.

4. A mhéid a bhaineann le Roinn H.3 (Ceanglais infheidhme maidir le fionlanna cláraithe):

a) Scriosadh an t-íoscheanglas stoic le haghaidh fíonghort.

Cúis:

Ní dhéanann an ceanglas sin aon difear don cháilíocht agus bíonn idirdhealú éagothrom.

b) Scriosadh an ceanglas chun stoic fíona a choimeád atá ag dul faoi thabhairt chun cineáil bitheolaíochta a bhaineann le sainithe tionscnaimh “Jerez-Xérès-Sherry” agus “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda” i spásanna fisiciúla ar leithligh.

Cúis:

Is saincheist um nós imeachta rialála é sin agus ní coinníoll táirge is féidir a dheimhniú é.

Ní shanntar na stoic a bhfuil tabhairt chun cineáil bitheolaíochta á déanamh orthu i Sanlúcar de Barrameda ach amháin in ainmniúchán tionscnaimh ‘Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda. Ach, ceadáítear an cleachtas gnáchcomónta de cuid de na stoic sin a úsáid chun fionta “Jerez-Xérès-Sherry” a thairgeadh mura ndeimhnítear iad amhail “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda”.

5. Roinn H.4 (Buidéalú agus lipéadú):

a) I dtéarmaí ginearálta, rinneadh athstruchtúrú ar an bhfaisnéis agus feabhsaíodh an fhocláocht, ach ní dhearnadh aon athrú substaintiúil ar an ábhar. Áiríodh tagairt d'Iarscríbhinn 3 nua, ina leagtar amach an reachtaíocht lipéadaithe ar fad.

Cúis:

Athstruchtúraíodh an fhaisnéis chun faireachán níos fearr ar an táirge a áirithiú.

b) Cuireadh síneadh leis an roinn maidir le buidéalú ag an bhfoinse, ag míniú go bhfuil údar leis an gceanglas sin mar gheall ar an gá chun cáil na bhfionta cosanta a chosaint tríd an bhfaireachán ar a saintréithe agus a gcáilíocht shonrach a atreisiú. Úsáidtear gabhdáin shonracha údaraithe ag an gComhairle Rialála anois chun an fhéidearthacht a fheidhmiú maidir le fíon a sholáthar do thionscal an bhia lena úsáid mar chomhábhar, seachas i mbulc mar a luadh sa téacs roimhe sin.

Cúis:

Míníodh níos mionsonraíche na forais don cheanglas buidéalú ag an bhfoinse agus athraíodh na rialacha maidir le fíon a sholáthar do thionscal an bhia lena úsáid mar chomhábhar le haghaidh táirgí bia agus deochanna.

c) Cuireadh foranna leis maidir leis an soláthar fíona le monarchana agus ionaid lónadóireachta údaraithe i dtionscal an bhia, chomh maith le díolacháin chuig an bpobal i gcoitinne ag áitreabh na bhfionlann cláraithe.

Cúis:

Is é is aidhm leis an leasú seo, ceadú don Chomhairle Rialála nósanna imeachta díolacháin traidisiúnta a oiriúnú do riachtanais na hearnála.

Baineann an leasú le Roinn B den tsonraíocht táirge agus le Roinn 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair). Níos sonraíche, níl aon athrú ar bhuidéalú ag an bhfoinse i gceist leis an gceanglas, a bhí i bhfeidhm cheana féin.

9. **Struchtúr rialála**

Tuairisc:

Rinneadh na leasuithe a leanas leis an roinn sin: an reachtaíocht is infheidhme, an t-údarás inniúil agus an nasc ina dtugtar an fhaisnéis maidir leis an gcomhlacht rialúcháin atá i gceannas ar chomhlíontacht a fhíorú leis an tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú sin le Roinn I den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Nuashonrú faisnéise.

10. Leasuithe ar Iarscríbhinn 2 (Liosta ainmneacha “pagos” sainmhínithe san ainmniúchán tionscnaimh)

Tuairisc:

1. Athainmníodh an iarscríbhinn sin mar IARSCRÍBHINN 2. Liosta na “pagos” (aonaid gheografacha níos lú) sa limistéar críochaithe.
2. Síníodh an liosta chun na “pagos” ar fad a shainmhíniú an Chomhairle Rialála a áireamh.

Baineann an leasú sin le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge agus Roinn 6 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Tugadh an téarmaíocht i gcomhréir leis an téarmaíocht a úsáidtear sa reachtaíocht is infheidhme. Cuireadh leis an fhaisnéis lena saináithnítear an críochú geografach de gach ceann de na haonaid gheografacha níos lú. Rinneadh an críochú in 2015 agus ó shin i leith is féidir tionscnamh na bhfionchaor a dheimhniú.

11. Cuireadh leis IARSCRÍBHINN 3.

Tuairisc:

Áiríodh IARSCRÍBHINN 3 nua (Lipéadú fionta arna gcosaint ag sonrúchán “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda”).

Cuireadh Iarscríbhinn 3 mar théacs nua leis an tsonraíocht táirge agus leasaíodh Roinn 9 den doiciméad aonair dá réir sin.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Mionsonraí lipéadaithe nua agus athghrúpáil na mionsonraí sin a áirítear sa leagan roimhe seo den tsonraíocht táirge.

Leagtar amach sa leasú sin na mionsonraí éigeantacha amhail an t-ainm cosanta, aitheantas na fionlainne eisiúna agus an cineál fiona, agus na mionsonraí roghnacha amhail an branda, tagairtí do chatagóirí tugtha chun cineáil, dath, “pago” agus téarmaí tuairisciúla eile a d’fhéadfaí a úsáid faoi réir chomhlíontacht leis an reachtaíocht is infheidhme.

12. Áiríodh forálacha idirthréimhseacha breise

Tuairisc:

Bunaíodh forálacha idirthréimhseacha breise le haghaidh ceanglas áirithe sa tsonraíocht táirge.

Tá siad nua sa tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin mar gheall nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 1308/2013 (CMO aonair).

Cúis:

Glacfaidh sé roinnt ama chun roinnt leasuithe ar an tsonraíocht táirge a chur chun feidhme.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda

Manzanilla

2. **Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon licéir

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta**

Fíonta licéir

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta cosanta ag ainmniúchán tionscnaimh “Manzanilla-Sanlúcar de Barrameda”, ar a dtugtar go traidisiúnta fíonta “Manzanilla”, is ea fíonta (treisithe) “*generoso*” a bhfuil a saintréithe mar thoradh ar phróiseas tugtha chun cineáil bitheolaíochta áirithe a dhéantar thar thréimhse 2 bhliain ar a laghad i bhfionlanna lonnaithe i mbar das Sanlúcar de Barrameda.

Tá dath fíon “Manzanilla” idir buí amhail dath na tuí go ómra, le boladh agus blas sainiúil a fhaightear le linn an phróisis tugtha chun cineáil bitheolaíochta.

Tagann a saintréithe aitheanta ón bhfíoras go dtarlaíonn an próiseas tugtha chun cineáil ar fad faoi shraith nó brat giosta “flor”.

Ní mór go mbeadh méid siúcra níos lú ná 4 ghrám in aghaidh an lítir ag na fíonta sin agus neart alcóil 15 % ar a laghad ach nach mó ná 17 % de réir toirte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)

Íosmhéid nirt alcóil iarbhir (mar % den toirt) 15

Íosmhéid aigéadachta iomláine mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir

Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)

5. **Cleachtais fíon oireachta**a. *Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá teidlíocht chun fíonta a thairgeadh a chumhdaítear sa sonrúchán seo caidhpeáilte ag 70 Lítear fíona in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora.

Ní mór gach stoc fíona atá á dtabhairt chun cineáil a stóráil i mbairillí darach le hacmhainneacht nach mó ná 1 000 lítear. Ní mór go mbeadh meánaois íosta 2 bhliain ag gach fíona d'fhonn go mbeidís incháilithe lena n-eisiúint.

Is féidir fíonta a threisiú le halcól fíona ag aon phointe sa phróiseas táirgeachta agus tugtha chun cineáil.

Is féidir sulfáit chailciam a chur leis chun críocha aigéadaithe laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

b. *Uastáirgeacht*

11 428 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar geografach críochaithe comhdhéanta den talamh lonnaithe laistigh de bhordais Sanlúcar de Barrameda, Jerez de la Frontera, El Puerto de Santa María, Trebujena, Chipiona, Rota, Puerto Real, Chiclana de la Frontera agus Lebrija, chomh maith le limistéar bhordais San José del Valle teorannaithe ar an taobh thoir ag an bhfadlíne 5° 49' siar ó Greenwich agus ar an taobh thuaidh ag an líne dhomhanleithead 36° 58' ó thuaidh.

Ní mór go mbeadh na fionta cosanta tugtha chun cineáil i bhfionlanna lonnaithe laistigh de bhordais Sanlúcar de Barrameda.

7. **Príomhchineál(acha) fionchaor**

PALOMINO

PALOMINO FINO - LISTÁN BLANCO

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Fíon licéir

Tá cúiseanna stairiúla le teacht chun cinn na teicnící giosta “flor” agus an chórais “solera”, atá nasctha le traidisiún ársa na fíonóireachta i Sanlúcar de Barrameda agus a shuíomh geografach uathúil. Mar thoradh ar na cleachtais fáis a forbraíodh sna fíonghoirt agus na hiarrachtaí chun na coinníollacha comhshaoil is oiriúnaí a shainaithint le haghaidh an phróisis tugtha chun cineáil bitheolaíochta san fhíonlann tá fionta againn ag a bhfuil léiriú terroir iontach agus ar a bhfuil tionchar mór ag saintréithe an ghiosta “flor” uathúil a fhaightear go hiondúil i Sanlúcar. Tá an chóngaracht don fharráige agus an tais ard fabhrach do ghníomhaíocht giosta dian thar thréimhse fada ama, a thugann a saintréithe uathúla d’fhíonta “Manzanilla”.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise: Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Lena áirithiú go gcaomhnaítear saintréithe agus cáilíocht áirithe na bhfionta agus chun meath orgánaileipteach féideartha a chosc de thoradh iompar chuig limistéir eile, ní mór buidéalú a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe críochaithe.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na lipéid a úsáidtear le haghaidh na bhfionta cosanta forálacha na reachtaíochta is infheidhme a chomhlíonadh, chomh maith le hIarscríbhinn 3 a ghabhann leis an tsonraíocht táirge sin. Baineann sé sin le sonraí lipéadaithe éigeantacha agus roghnacha.

Ní mór go mbeadh séaláil cáilíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Rialála nó lipéid thánaisteacha ar na buidéal ar a bhfuil mar sainiúil agus cód aitheantais alfa-uimhriúil, i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an gComhairle Rialála. D’fhéadfaí an t-aonad geografach níos mó “Andalucía” a thabhairt le fios ar bhonn roghnach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

<https://lajunta.es/3vpjr>

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)